C/2024/6374

23.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11707 – OMERS / DWS / GRANDI STAZIONI RETAIL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6374)

1. An 16 Deireadh Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— OMERS Infrastructure European Holdings B.V. ('OMERS Infrastructure', an Ísiltír), faoi rialú OMERS Administration Corporation ('OMERS', Ceanada),

— Pan-European Infrastructure Fund IV, SCSp ('PEIF IV', Lucsamburg), faoi bhainistiú fhochuideachtaí DWS Group GmbH & Co KGaA ('DWS', an Ghearmáin), faoi rialú Deutsche Bank AG ('Deutsche Bank', an Ghearmáin),

— Grandi Stazioni Retail S.p.A. ('GSR', an Iodáil).

Gheobhaidh OMERS Infrastructure agus DWS rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar GSR ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainistíonn OMERS Infrastructure an t-ardán Eorpach um infheistíocht bonneagair do OMERS agus déanann sé infheistíochtaí i sócmhainní bonneagair Eorpacha. Is é OMERS riarthóir Ontario Municipal Employees Retirement System Primary Pension Plan, ciste pinsin Ceanadach,

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní institiúideach é DWS a chuireann infheistíochtaí gníomhacha, éighníomhacha agus malartacha ar fáil i raon leathan cineálacha sócmhainní (agus a oibríonn, chun na gcríoch sin, ina cháil mar bhainisteoir infheistíochta PEIF IV, an ciste infheistíochta chun críocha an idirbhirt ar tugadh fógra ina leith). Is soláthraí domhanda seirbhísí airgeadais é Deutsche Bank AG,

— Déanann GSR spásanna miondíola a ligean ar léas agus fógraíocht a bhainistiú ag 14 stáisiún traenach san Iodáil, agus tá comhaontú léasachta aige le haghaidh bainistiú stáisiúin traenach sa tSeicia.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11707 – OMERS / DWS / GRANDI STAZIONI RETAIL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË